



Living
Schools
Lab

Cás-Staidéir Breathnóireachta

Éire



Réamhrá

Ghlac 15 chomhpháirtí páirt sa tionscadal Living Schools Lab a mhair dhá bhliain, a chuir cur chuige uile-scoile maidir le húsáid TFC chun cinn. Mhéadaigh sé dea-chleachtais in úsáid TFC idir scoileanna a raibh cumas éagsúil sa teicneolaíocht acu. Tugadh cuairteanna ar Scoileanna chun Cinn de chuid an tionscadail i 12 thír le breathnú ar dhea-chleachtais na scoileanna, agus scríobhadh tuarascáil agus moltaí faoi fhorbairt agus faoi phríomhshruthú na gcur chuige uile-scoile maidir le TFC.

Ina theannta sin, rinneadh dhá chás-staidéar déag a chuireann an fhianaise a bailíodh le linn na gcuairteanna breathnóireachta chuig dhá Scoil chun Cinn i ngach ceann den 12 thír i láthair: an Bheilg, an Chipir, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil, an Iorua, an Liotuáin, an Ostair, Poblacht na Seice, an Phortaingéil agus an Ríocht Aontaithe. Chomh maith leis na cás-staidéir, cuireadh síos ar gach Cuairt Breathnóireachta Nasctha i bpostáil blag, in éineacht le naisc úsáideacha agus smaointe praiticiúla le triail sa seomra ranga: <http://lsl.eun.org/observation-visits>.



Baineadh úsáid as creat ocht bpríomhcheiste chun na cás-staidéir a fhorbairt:

1. Cé hiad na cineálacha teicneolaíochtaí agus acmhainní atá ar fáil i Scoileanna chun Cinn?
2. An raibh tionscnaimh náisiúnta ann le déanaí a chuaigh i bhfeidhm ar fhorbairt TFC na huile-scoile?
3. Cé a threoraíonn na cinntí faoi fhorbairt TFC?
4. Cé hiad na cineálacha oiliúna agus forbartha gairmiúla atá ar fáil do mhúinteoirí?
5. Cad é mar a úsáidtear TFC sna hábhair éagsúla?
6. Cé hiad na cineálacha taighde agus forbartha a bhfuil na múinteoirí ina mbun?
7. An bhfuil baint ag na Scoileanna chun Cinn le chomhpháirtíocht nó le líonra ar bith?
8. An bhfuil réimsí áirithe ann arbh féidir iad a phríomhshruthú nó a mhacasamhlú?

Tá faisnéis sna cás-staidéir go léir a d'athbhreithnigh na Comhordaitheoirí Náisiúnta. Tugann na staidéir breac-chuntas ar an fhianaise a bailíodh le linn na gCuairteanna Breathnóireachta Nasctha agus i rith an tionscadail Living Schools Lab. Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin gach scoile faoin scoil féin, ach is féidir go mbeidh sé seo i dteanga na háite.

Is í Diana Bannister MBE, ó Ollscoil Wolverhampton, a rinne na cuairteanna scoile go léir. Tá na cás-staidéir seo le léamh in éineacht le tuarascáil deiridh na gCuairteanna Breathnóireachta Nasctha, atá ar fáil ag <http://fcl.eun.org/lsl>.

Cás Staidéir Breathnóireachta: Éire

MíEanáir 2014

Scoil na gCeithre Máistrí | Baile Átha Luain | Éire

Líon daltaí	299
Aoisghrúpa na ndaltaí	5 12 bhliain d'aois
Suíomh gréasáin na scoile	www.ceithremaistri.scoilnet.ie/blog
Ainm an phríomhoide	Laobhaoise Nic Aogáin
Múinteoir i gCeannas an tionscadail LSL	Gearóid Ó Duibhir

Coláiste Bríde | Meánscoil na Toirbhearta | Cluain Dolcáin | Éire

Líon daltaí	960
Aoisghrúpa na ndaltaí	12 18 mbliana d'aois
Suíomh gréasáin na scoile	http://www.colaiستهbride.com/
Ainm an phríomhoide	Marie-Thérèse Kilmartin
Múinteoir i gCeannas an tionscadail LSL	Sarah-Jayne Carey



1.

Cé hiad na cineálacha teicneolaíochtaí agus acmhainní atá ar fáil i Scoileanna chun Cinn?

Sa bhunscoil in Éirinn, tá rochtain ag an scoil ar an Idirlíon trí mheán an líonra sreinge agus an líonra gan sreang a thugann clúdach ar fud na scoile. Bhí an comhordaitheoir TFC ag obair i gcomhar leis an scoil le cinntiú go bhfuil leibhéal áirithe rochtana ar an teicneolaíocht ag gach múinteoir ranga taobh istigh den seomra ranga. I ngach seomra ranga tá ríomhaire táibléid, teilgeoir sonraí, printéir, callairí agus amharcléiritheoir. Tá saotharlann ríomhaireachta agus áiseanna leabharlaine i gceann a chéile; úsáidtear an spás seo go minic mar spás do dhaltaí agus iad ag obair ar thionscadail. Tá dhá phéire cluasán ag gach ríomhaire sa spás seo, agus micreafón le ceann acu, ionas go dtig le páistí gníomhaíochtaí teanga a dhéanamh ina mbeirteanna. Tá bogearraí rialaithe teagascóra (AB Tutor Control) ag an scoil chun go mbeidh an múinteoir in ann monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Tá 32 ríomhaire glúine tairsí (Fizzbooks) ag an scoil a ndáileann grúpa daltaí ar na ranganna sóisearacha gach maidin iad.

Taobh istigh den scoil, tá cead ag na daltaí is sine a gcuid teicneolaíochtaí féin a thabhairt leo ar scoil le húsáid sa rang. D'éascaigh seo an roinnt bogearraí chun go leanfaidh an teagmháil a bhí ann ar scoil ar aghaidh sa bhaile (m.sh. Audacity a úsáid le léamh a chleachtadh).

Sa mheánscoil in Éirinn, tá teilgeoir sonraí i ngach seomra múinteoireachta agus teagaisc, mar sin tá rochtain ag gach aon dalta ar an iliomad acmhainní idirlín a úsáideann múinteoirí chun sochar teagaisc agus foghlama. Tá clár bán idirghníomhach agus amharcléiritheoir i ngach seomra matamaitice agus eolaíochta. I ngach seomra ranga tá ríomhaire agus rochtain ar phrintéir, scanóir agus áiseanna facsála. Tá líonra gan sreang ar fáil ar fud na scoile agus chuaigh an scoil i gcomhar le O2 faoina choinne seo. Tig le daltaí a bhfón póca a úsáid i rith an ranga ach cead a bheith acu ón mhúinteoir.

Tá a rochtain dhíreach féin ar ríomhaire ag daltaí i gceithre shaotharlann TFC agus tá TFC comhtháthaithe i ngach aon chlár agus i ngach aon ábhar ar fud na scoile.

Tá líonra bainistithe ag an scoil agus bainistítear seirbhísí TFC go cianda. Tá deasc chabhrach ar fáil don scoil agus soláthraítear tacaíocht theicniúil ar an scoil leathlá in aghaidh na coicíse. Dar leis an príomhoide Marie Thérèse Kilmartin, “tá sé fíor riachtanach go deo go n oibríonn sí [an teicneolaíocht]” agus go bhfuil seo ar cheann de na tosca is tábhachtaí.

In 2004, nuair a fógraíodh go dtógfaí foirgneamh scoile nua, chuir an príomhoide coiste TFC ar bun chun na tosaíochtaí a shocrú. Tugadh cuairteanna ar eiseamláirí scoile eile, agus sa Ríocht Aontaithe fosta. Mar sin rinne an scoil deimhin de go ndéanfadh na teicneolaíochtaí a bhí ar fáil an aimsir a sheasamh. Chomhthadhaill an scoil leis an iar Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE) (an PDST – Teicneolaíocht san Oideachas an lá atá inniu ann),¹ agus bhí sí ar na chéad úsáideoirí den E Portal náisiúnta. Tugadh le tuiscint do na múinteoirí go leabófaí TFC sa scoil nua agus i ngach aon chóras de chuid na scoile. Nuair a bogadh go dtí an scoil nua i bhFeabhra 2006, leagadh amach plean chun inniúlacht na múinteoirí ar TFC a fheabhsú. Trí mheán an NCTE, nasc an scoil le hIonad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar (DWEC) agus d'fhorbair an scoil roinnt croí bhall den fhoireann TFC le bheith ina n-éascaitheoirí áitiúla de chuid an NCTE faoi choinne oiliúna agus forbartha foirne. Is tosaíocht foirne í oiliúint TFC agus tá sí ar gach clár oibre agus tá sí i gcoirílár fhócas na scoile. I Meán Fómhair 2012, d'aithin an Bord Bainistíochta, ina Phlean 5 Bliana, cúig réimse fócais an teagaisc agus na foghlama, agus bhí TFC ina measc. Cuireadh coiste TFC ar bun, a raibh 15 bhall ann, chun an cúram a dháileadh agus chun beartas, acmhainní agus tionscnaimh nua a scrúdú.

Ó 2008 i leith, d'fháiltíodh an príomhoide roimh chuairteanna ó scoileanna eile ar an scoil mar eiseamláir oibríoch. Bhí baint ag gach aon mhúinteoir sa phróiseas seo, ní hamháin na múinteoirí treoracha a bhí deaslámhach ar TFC ach na múinteoirí siúd nach raibh scil TFC dá laghad acu chomh maith. Tá clú ar an scoil anois go gcuireann sí múinteoirí nach bhfuil mórán taithí acu leis an TF ar a suaimhneas i dtimpeallacht ranga athraithe a bhfuil ríomhaire,

¹ Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí Teicneolaíocht san Oideachas anois: www.pdst.ie

teilgeoirí sonraí, físcheadaraí agus cláir bhána idirghníomhacha inti.

Iarradh ar an scoil cur i láthair a thabhairt faoina heiseamláir comhtháthaithe TFC ag Comhdháil CEIST (2009) roimh scoileanna eile den lontaobhas. Ina dhiaidh sin, d'iarr CEIST, i gcomhar le Unity Technology Solutions, ar an scoil a bheith ina heiseamláir de dheua chleachtas do scoileanna eile sa ghrúpa lontaobhaithe, maidir le comhtháthú agus forbairt TFC.

In 2011, roghnaíodh an scoil le páirt a ghlacadh sa treoirionscadal eolaíochta ar an tSraith Shóisearach. Chuir an Príomhoide isteach le bheith

mar threoirscoil don tSraith Shóisearach nua JC2 i mí na Nollag 2011 agus d'éirigh léi.

Bhí an scoil páirteach le tionscadal náisiúnta "Connected Classrooms", agus bhí duine de na múinteoirí matamaitice sa scoil ag teagasc matamaitic ardleibhéil go cianda trí Microsoft Lync do líon beag scoláirí i rang eile i Meánscoil na Toirbhearta i Warrenmount atá i mBaile Átha Cliath (cé go bhféadfadh sé a bheith in áit ar bith ar domhan). Ciallaíonn sé seo gur nascadh an múinteoir i bhfóir am leis na scoláirí seo go cianda agus a rang féin sa seomra ranga aici ag an am céanna.

2. An bhfuil tionscnaimh náisiúnta ann a chuaigh i bhfeidhm ar fhorbairt TFC na huile-scoile?

In Éirinn, dúirt an múinteoir treorach sa bhunscoil go raibh TFC ag fuarú ag leibhéal náisiúnta de dheasca an chúlaithe airgeadais. Tá fíís nua maidir le huimhearhacht agus litearthacht i bhfeidhm; seo iad an príomhfhócas faoi láthair. Thairfead NCTE roinnt samplaí den fhoghlaim phearsantaithe ionas go dtiocfadh le múinteoirí cleachtas sármaith a fheiceáil. Taispeánann siad seo úsáid na teicneolaíochta taobh istigh den teagasc agus den fhoghlaim.

Mar sin féin, dúirt an múinteoir treorach go bhfuil fócas na scoile ar TFC chomh tábhachtach céanna.

Sa mheánscoil, tugann baill den choiste TFC aird ar fhorbairtí i scoileanna eile maidir le teicneolaíochtaí nua, r-leabhair, iPad, fóin chliste, táibléid, srl. mar ghléasanna pearsanta sa tseomra ranga. Aithníonn an scoil an costas agus dálaí socheacnamaíocha a cuid daltaí chomh maith.

3. Cé a threoraíonn na cinntí faoi fhorbairt TFC?

Ag an leibhéal náisiúnta, tugann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)⁴ – Teicneolaíocht san Oideachas tacaíocht agus treorú do scoileanna atá ag cur úsáid na teicneolaíochta i bhfeidhm sa teagasc agus san fhoghlaim. Comhordaíonn an PDST an Clár Leathanbhanda le haghaidh Scoileanna. Soláthraíonn an PDST forbairt agus oiliúint ghairmiúil do mhúinteoirí fosta. Ina theannta sin, treoraíonn PDST forbairt Scoilnet agus rochtain air;⁵ is tairseach é Scoilnet a sholáthraíonn rochtain ar acmhainní teagasc ardchaighdeán.

Sa dá scoil in Éirinn, tá fianaise ann go bhfuil foireann múinteoirí ag treorú an athraithe agus go bhfuil na príomhoidí ag treorú an phróisis cinnteoireachta.

Thosaigh an bhunscoil ag forbairt straitéis r-fhoghlama i gcomhréir le Plean r-Fhoghlama⁶ agus treoracha an NCTE agus chuir sí coiste TFC ar bun a bhfuil múinteoirí díograiseacha spreagtha ann. Is tábhachtach an rud é go bhfuil múinteoirí ann as gach bliainghrúpa; mar sin is féidir smaointe, beartais agus aiseolas a scaipeadh go cruinn chuig na leibhéil chearta ranga.

Bíonn na cruinnithe seo struchtúraithe agus maireann siad 45 nóiméad de ghnáth, agus Aiseolas, Pleanáil agus Oiliúint iontu (FPT 45). Bíonn cruinniú don fhoireann go léir ann Déardaoin.

2 www.juniorcycle.ie

3 www.warrenmountsecondary.ie

4 www.pdsttechnologyineducation.ie

5 www.scoilnet.ie/ga/

6 www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/e-Learning-Handbook/The-e-Learning-Handbook.html

4.

Cé hiad na cineálacha oiliúna agus forbartha gairmiúla atá ar fáil do mhúinteoirí?

Bhí líon beag múinteoirí sa mheánscoil in Éirinn ar dtús a raibh inniúlacht ar TFC agus suim inti acu, ach bhain an scoil úsáid as ról an mhúinteora threoraigh chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí eile sa scoil. De thairbhe sin, tá 10-15 mhúinteoir ann atá réidh le glacadh le tionscnaimh nua sa scoil agus le daoine eile a spreagadh le páirt a ghlacadh iontu.

D'úsáid an scoil an curaclam chun tús a chur le roinnt deiseanna oiliúna, mar shampla, d'fhorbair múinteoir na hIodáilise nasc teanga le scoil san Iodáil. Bhí na daltaí ábalta nascadh trí Skype; ach bhain an múinteoir úsáid as uirlisí comhoibríocha TFC chun comhpháirtíocht leanúnach a chruthú don scoil. Nascadh an scoil le scoil in Bassano del Grappa san Iodáil; bhí an múinteoir ábalta a scileanna féin a fhorbairt maidir le huirlisí amhail Padlet, r-phost agus Skype. Tugadh na scileanna seo ar aghaidh do mhúinteoirí eile sa scoil.

Soláthraítear oiliúint TFC le haghaidh fhorbairt scileanna na múinteoirí taobh istigh den scoil go fóill, agus múinteoirí na scoile féin ina n-éascaitheoirí. Chuathas i ngleic le sraith ábhar, ina measc siúd gnéithe den tsaoránacht dhigiteach, an dóigh chun rochtain a fháil ar acmhainní AFL ar líne agus iad a úsáid.

Spreag an scoil múinteoirí le cúrsaí ar líne a dhéanamh, mar atá Máistreacht sa Teicneolaíocht le haghaidh an Oideachais (DCU), scannánaíocht, agus comharfhoghlaim (TCD). Déanann na múinteoirí cúrsaí gairide le PDST – Teicneolaíocht san Oideachais agus soláthraítear iad seo trí Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Tá deontas ag bord na scoile

chun múinteoirí a spreagadh le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a dhéanamh.

Tá baint ghníomhach ag an Phríomhoide agus ag an chomhordaitheoir TFC le príomhcheannaire eile TFC agus iad i mbun díospóireachta faoi fhorbairt TFC le linn don scoil dul ar aghaidh le forbairt na Sraithe Sóisearaí nuaí.⁷

In Éirinn, soláthraítear oiliúint TFC trí mheán oiliúna uile-scoile. Soláthraíonn PDST – Teicneolaíocht san Oideachas^[2] oiliúint uile-scoile agus baineann mórán bunscoileanna leas as seo mar rogha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí don samhradh. D'aithin an múinteoir treorach go bhfuil cuid de na múinteoirí is óige inniúil ar úsáid TFC le haghaidh na meán sóisialta, ach go dtéann sainoiliúint a léiríonn rochtain agus bainistiú acmhainní sa tseomra ranga chun sochair dóibh.

Aithníonn an múinteoir gur maith an rud oiliúint dheimhnithe a bheith ar fáil do mhúinteoirí lena mbaineann siad amach pointí breisíocha ar son a ngairme, mar sin is maith is fiú do mhúinteoirí an oiliúint a dhéanamh. Dá ndéoin féin amháin a dhéanann na múinteoirí an oiliúint; níl aon cheangal orthu Forbairt Ghairmiúil Leanúnach/oiliúint a dhéanamh. Le bliain anuas, is dócha gurbh uair an chloig ar fad sa bhreis in aghaidh na seachtaine a bhí i gceist. Níl aon struchtúr ann le huaireanta Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a ríomh. Má ghlacann múinteoirí bunscoile páirt i gcúrsa samhraidh 5 lá, beidh 3 lá shaora sholúbtha sa bhliain acu má dheimhníonn an Roinn Oideachais an Oiliúint Forbartha Gairmiúla Leanúnaí⁸. Caitheadh múinteoirí clárú leis an Chomhairle⁹ Mhúinteoireachta¹⁰ gach bliain.

5.

Cad é mar a úsáidtear TFC sna hábhair éagsúla?

Sa mheánscoil in Éirinn, cuireadh Edmodo¹¹ i bhfeidhm i ngach aon ábhar agus i ngach aon bhliainghrúpa. Leis an chóras bainistíochta foghlama seo, beidh an scoil in ann acmhainní

a chur ar fáil do dhaltaí ar líne. Mar sin bíonn ceangal leanúnach ann idir foghlaim scoile agus foghlaim sa bhaile, ós rud é go bhféadann daltaí rochtain ar an fhoghlaim ar líne. Tig le daltaí dul

⁷ www.juniorcycle.ie/

⁸ www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Training/

⁹ Department of Education and Skills

¹⁰ www.teachingcouncil.ie

¹¹ www.edmodo.com

i gcomhar le chéile ar líne agus cumarsáid níos oscailte a dhéanamh lena múinteoirí. Osclaíodh seomraí ríomhaireachta san am lóin agus i ndiaidh na scoile ar son na ndaltaí sin nach bhfuil rochtain acu ar ríomhaire sa bhaile. De thairbhe sin, bíonn múinteoirí in ann aiseolas níos tapa agus níos rialta a thabhairt. Le linn na cuairte breathnóireachta, thosaigh múinteoir na matamaitice an ceacht ag measúnú samplaí d'obair baile a cuireadh isteach ar líne agus ag dul i ngleic le roinnt de na míthuiscintí ba choitianta sular thosaigh sé an ceacht nua.

Úsáidtear clár bán idirghníomhach i ngach aon rang Matamaitice agus Eolaíochta chun an t-eispéireas foghlama a fheabhsú; rinne daltaí ardleibhéil ceangal le scoil chomhpháirtíochta trí Microsoft Lync. Úsáideann roinn na hIodáilise agus roinn na Fraincise Skype, ríomhphost agus Edmodo le labhairt le scoileanna comhpháirtíochta sa Fhrainc agus san Iodáil.

Sa Stair, sa Tíreolaíocht agus san Ealaín, féadann daltaí cuairteanna fíorúla a dhéanamh ar dhánlanna agus ar mhúsaeim trí mheán an idirlín. Sa roinn ceoil, tá úsáid Sibelius, Musescore agus YouTube do dhaltaí agus do mhúinteoirí leabaithe sa churaclam.

Trí pháirt a ghlacadh i Bridge21,¹² Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, bíonn daltaí san idirbhliain ag forbairt a scoileanna TFC agus á roinnt seo le daltaí as scoileanna eile trí mheán líonraí grúpa.

Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais agus easnamh Béarla orthu, úsáideann siad TFC mar thacaíocht lena bhfoghlaim. Thug an scoil Touch, Type, Read, Spell (TTRS) agus pacáistí eile bogearraí isteach chun foghlaim a fheabhsú ag an leibhéal chuí. Ina lán pacáistí is féidir tabhairt faoi fhoghlaim aonair agus dul chun cinn a shonrú. Cheannaigh an scoil sraith ranga de Kindle le haghaidh an Bhéarla agus mar dhreasacht litearthachta agus tá roinn na riachtanas speisialta oideachais ag baint trialach as dhá iPad le daltaí.

Agus í ina Gaelscoil, tá teagasc an dara teanga i gcroílár obair na bunscoile. Le comhtháthú TFC, bhí an scoil in ann foghlaim na bpáistí a fhairsingiú taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga.




Tá na bogearraí céanna suiteáilte i ngach aon ríomhaire ar fud na scoile. (Saogearraí na bogearraí go léir, mar sin níl aon fhadhb leis an cheadúnú agus ní shlogann sé acmhainní na scoile.) Tá ábhar oiriúnach don aoisgrúpa ann agus féadann na múinteoirí idirdhealú a dhéanamh agus iad ag tabhairt oibre do na páistí.

Tá forbairt na Litearthachta ar phríomhchuspóirí na scoile agus tá an scoil ag úsáid TFC chun í sin a fheabhsú trí mheán an chláir taifeadta Audacity lena bhfuil na páistí in ann a léitheoireacht féin a thaifeadadh.

I gcomhréir le forbairt oideachasúil náisiúnta, tá an Uimhearthacht agus an Litearthacht i gcroílár fhorbairt na scoile agus mar Ghaelscoil is tábhachtaí fós iad ós rud é go bhfuil an dátheangachas fite fuaite sa teagasc agus san fhoghlaim. Mar sin de, baintear úsáid éifeachtúil as TFC sa Mhatamaitic, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, agus i réimsí eile fosta.

¹² www.bridge21.ie



6.

Cé hiad na cineálacha taighde agus forbartha a bhfuil na múinteoirí ina mbun?

Sa bhunscoil agus sa mheánscoil in Éirinn, tá fonn mór ar na príomhoidí go nglacfaidh múinteoirí páirt i dtionscadail sheachtracha, agus aithníonn siad an sochar a bhaineann le teagmháil a bheith acu le tionscnaimh níos mó ar mhaithe leis an scoil.

Dúirt an múinteoir treorach as Éirinn nach mbíonn sé “ag lorg taighde go gníomhach ach go gcoinníonn sé cothrom le dáta leis an taighde agus go mbíonn cluas le héisteacht air. Bíonn taighde ann sa chúlra i gcónaí, agus spreagann seo é le taighde sa bhreis a dhéanamh.” Scríobh sé in iris mhíosúil.

“Agus í páirteach sa Living Schools Lab, tá an deis ag Scoil na gCeithre Máistrí teagasc agus foghlaim a cuid daltaí a leathnú agus a fheabhsú le TFC agus trí TFC agus leanúint ar aghaidh lena cleachtas sean-bhunaithe, mar atá TFC a bhunú mar uirlis lárnach chun an t-oideachas is fearr ar fad a thairiscint dár bpáistí.” (Príomhoide Bunscoile)



7.

An bhfuil baint ag na Scoileanna chun Cinn le chomhpháirtíocht nó le líonra ar bith?

Ar shuíomh gréasáin na meánscoile tá faisnéis cothrom le dáta le fáil ar an méid atá ag tarlú sa scoil. Tig le tuismitheoirí foirmeacha iarratais, nuachtlitreacha, liostaí leabhar agus féilire na scoile a íoslódáil. Tugadh rochtain do thuismitheoirí ar thaifead a n-iníne trí E-Portal; mar sin tig le tuismitheoirí teacht ar thuairiscí scoile agus ar thinreamh.

Mar a luadh cheana, bíonn an scoil ag úsáid na teicneolaíochta chun nasc físe a dhéanamh le Scoil na Toirbhearta i Warrenmount agus le Mol Digiteach (H2) i mBaile Átha Cliath; agus bíonn sí ag cur glaoch Skype ar scoileanna sa Fhrainc agus san Iodáil. Tá nasc ag an scoil le Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TAP), le Bridge 21 TCD, le CEIST agus le Unity Technology

Solutions. Is scoil threorach í an mheánscoil do Serco / E-Portal agus táthar ag smaoineamh faoi luathoiriúnóir a dhéanamh di don chéad ghlúin eile.

Tá nasc láidir ag an scoil leis an choláiste áitiúil agus le fostóirí i gceantar Chluain Dolcáin.

In 2011 ghlac an scoil páirt sa tionscadal Global Education Experience (GEE), a reáchtáil Siúrach na Toirbhearta. Nascadh an scoil le Meánscoil na Toirbhearta Dheilí 6 san India agus tugtar cuairteanna ar a chéile.

Baineann an bhunscoil úsáid as blag scoile chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí. Ina theannta sin, cuirtear ócáidí in iúl do thuismitheoirí

trí sheirbhís téacs do thuismitheoirí agus ríomhphoist.

Rinne an bhunscoil nasc láidre le scoileanna eile, leis an chomhphobal agus leis an tionscal ó bunaíodh í. Tugann príomhoidí agus comhordaitheoirí TFC ó scoileanna an cheantair cuairt ar an scoil chun an dóigh a leabaíodh TFC sa scoil a fheiceáil.

Rinne an scoil nasc le Ericsson, a bhfuil monarcha forbartha bogearraí acu i mBaile Átha Luain. Fostaíonn Ericsson a lán tuismitheoirí a bhfuil

daltaí sa scoil acu, agus tugann siad tacaíocht don fhorbairt TFC sa scoil ó bunaíodh í. Mar sin féin, dar leis an chomhordaitheoir TFC, tá a lán deiseanna eile do chomhlachtaí ar thacú le bunscoileanna.


Rinne an scoil nasc le Ericsson, a bhfuil monarcha forbartha bogearraí acu i mBaile Átha Luain. Fostaíonn Ericsson a lán tuismitheoirí a bhfuil daltaí sa scoil acu, agus tugann siad tacaíocht don fhorbairt TFC sa scoil ó bunaíodh í. Mar sin féin, dar leis an chomhordaitheoir TFC, tá a lán deiseanna eile do chomhlachtaí ar thacú le bunscoileanna.

8. An bhfuil réimsí áirithe ann arbh féidir iad a phríomhshruthú nó a mhacasamhlú?

- Tríd an tionscadal Ríomhnascadh, rinne an mheánscoil nasc le scoil san Iodáil. D'úsáid an scoil Skype le haghaidh díospóireacht labhartha idir ranganna. Ach lean na daltaí ag roinnt acmhainní trí mheán Padlet. Bhain na daltaí úsáid as an chomharspás seo le focail nua, comhdhéanamh abairte agus bun-chomhrá a fhoghlaim agus chuir siad téacs scríofa, grianghraif agus físeáin leis le múineadh dá chéile.
- D'fhéadfaí an tionscadal Connected Classrooms a oiriúnú d'ábhair eile fosta; mar shampla, sa scoil seo thug múinteoir matamaitice ceachtanna matamaitic ardleibhéal do dhaltaí i scoil eile trí Microsoft Lync. D'fhéadfadh scoileanna saineolaithe ábhair a aithint i réimsí éagsúla den churaclam. Ar an dóigh chéanna, d'fhéadfadh an scoil teagmháil a dhéanamh le saineolaí seachtrach i leabharlann, in iarsmalann nó in eagraíocht áirithe atá sásta cleachtas a roinnt.
- Dáileadh teicneolaíochtaí ar fud na scoile chun go mbeidh rochtain ag gach aon seomra ranga ar ghléasanna i ngach réimse den churaclam. Feabhsaíonn seo an soláthar bonnlíne de theicneolaíochtaí sonracha do

gach aon seomra ranga ar fud na scoile.

- D'fhéadfaí próiseas Pleanála na r Fhoghlama¹³, mar phróiseas pleanála uile scoile, a phríomhshruthú.
- D'fhéadfaí leagan amach chruinniú na Foirne r Fhoghlama, mar atá 45 nóiméad ar fad ina bhfuil 15 nóiméad an ceann le haghaidh Aiseolais, Pleanála agus Oiliúna, a úsáid chun fhócasú agus cuspóir a chur le cruinnithe gairide struchtúraithe.



Cás-Staidéir Breathnóireachta

Éire

Údar Diana Bannister MBE
Ollscoil Wolverhampton; arna athbhreithniú ag
Comhordaitheoirí Náisiúnta an tionscadail LSL

Foilsitheoir European Schoolnet
(EUN Partnership AISBL)
Rue de Trèves 61
1040 an Bhruiséil
an Bheilg

Sonraí na bpicéir Shireland Collegiate Academy
Manfred Fleck
Angelo Bardini
Fernando Franco

Dearadh Hofi Stiúideo, CZ

Arna fhoilsiú Meán Fómhair 2014

Ceadúnaítear an saothar seo de réir Cheadúnas Creative Commons Aitreabúideacht-Comhroinn mar an gCéanna 3.0 Unported: <http://creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/>

Tugann clár FP7 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh tacaíocht don obair a chuirtear i láthair san fhoilseachán seo - mar atá, tionscadal Living Schools Lab (Comhaontú deontais Uimh. 317587). Is ar bhaill den chuibhreannas amháin atá an fhreagracht maidir lena bhfuil sa cháipéis seo agus ní barúil an Choimisiúin Eorpaigh a chuireann sí in iúl agus níl freagracht ar bith ar an Choimisiún maidir leis an úsáid a bhainfeadh as an eolas atá inti.

NB: Tagraítear do shuímh ghréasáin ar fud na tuairisce seo; seiceáladh iad sular foilsíodh í. Ní hionann tagairt don suíomh gréasáin agus tacú leis an táirge nó leis an eagraíocht.

 <http://fcl.eun.org/lsl>



futureclassroomlab



europeanschoolnet



#FCL_eu